GAEILGE IORRAIS

| Preasráiteas<br>Press Release<br><br>07.05.2024 | Tuilleadh eolais:<br><br>gaeilgeiorrais@gmail.com<br>097-29023 | *Leagan Béarla ar lch. 3<br><br>English summary on pg 3. |
|---|---|---|

# Ceardlann na n-Óg 2024:
# Ceol, damhsa, amhránaíocht & scéalaíocht i nGaeilge

Tá ríméad ar Ghaeilge Iorrais a fhógairt go mbeidh ócáid álainn lán-Ghaeilge ar siúl do pháistí na scoileanna Gaelachta in Iorras ar an 18 Bealtaine 2024. Reáchtálfar 'Ceardlann na n-Óg' in Áras Inis Gluaire, Béal an Mhuirthead Dé Sathairn 18 Bealtaine ó 10rn go 2.30in. Ceardlanna difriúla sna healaíona dúchasacha a bheidh mar chuid lárnach den ócáid seo, maraon le deiseanna sóisialaithe i nGaeilge do pháistí ó scoileanna Gaeltachta Iorrais. Beidh deis ag na páistí agus iad i ngrúpaí beaga, páirt a ghlacadh sna ceardlanna seo a leanas; ceol traidisiúnta, amhránaíocht ar an sean-nós, damhsa céilí agus rince seit, chomh maith le scéalaíocht i nGaeilge. Ócáid thaitneamhach ghaelach a bheidh ann.

Beidh an ócáid lán-Ghaeilge seo dírithe ar pháistí ó bhunscoileanna Gaeltachta an limistéir seo (ó 5 – 13 d'aois). Beidh an ócáid seo saor in aisce ach tá spásanna teoranta. Caithfear clárú roimh ré agus cloí leis an bpolasaí Gaeilge a bheidh i bhfeidhm. Tabharfar cuireadh do thuismitheoirí freastal ar thaispeántas beag ag deireadh na hócáide, nuair a dhéanfaidh na páistí ceiliúradh agus cur i láthair le chéile ar an méid a bheidh ar siúl acu sna ceardlanna (ó 2 – 2.30in). Seo mar a dúirt Laoise Ní Dhúda (Gaeilge Iorrais) faoin ócáid seo;

> Tá súil againn go dtapóidh daoine óga (le tacaíocht a gcuid tuistí agus múinteoirí) an deis iontach seo chun blaiseadh a fháil den cheol, amhránaíocht, damhsa agus scéalaíocht thraidisiúnta i nGaeilge i gcomhluadar pháistí eile na Gaeltachta seo.
>
> Tá súil againn borradh a chur faoi chleachtadh an cheoil, damhsa, scéalaíochta agus na hamhránaíochta traidisiúnta i measc óige na Gaeltachta seo de réir a chéile agus a thuilleadh ócáidí i nGaeilge den chineál seo a reáchtáil, ag brath ar éileamh.


Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.

Faigheann Gaeilge Iorrais tacaíocht faoin gclár Cuisle (Ealaín na Gaeltachta) chun scéim amhránaíochta ar an sean-nós a reáchtáil i scoileanna Gaeltachta an cheantair seo. Cuireann Ceardlann na n-Óg leis an obair iontach atá ar siúl sna scoileanna Gaeltachta faoin scéim sin. Leis sin, tá Gaeilge Iorrais thar a bheith buíoch as an tacaíocht agus comhoibriú leis na páirtithe seo a leanas; Áras Inis Gluaire, leabharlann Bhéal an Mhuirthead, ceoltóirí, múinteoirí áitiúla, damhsóir agus amhránaí an cheantair a bheidh i mbun na gceardlann.

Mar sin, má tá fonn ort/ar do pháiste freastal ar ócáid thaitneamhach seo i nGaeilge, blaiseadh a fháil de na healaíona traidisiúnta agus casadh le daoine óga eile le Gaeilge – bí i dteagmháil linn go beo! Líon an fhoirm um léiriú spéise ag https://forms.gle/WhLUzp5SCG2Yr6wi8 chomh luath agus is feidir leat.


Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.

# Ceardlann na n-Óg 2024:

## Music, dancing, singing & storytelling in Irish

Gaeilge Iorrais is delighted to announce that an all-Irish event will be held for children from Gaeltacht scheme schools in Erris on the 18th of May 2024. 'Ceardlann na n'Óg' will be held in Áras Inis Gluaire, Belmullet on Saturday 18th May from 10am to 2.30pm. The event will comprise of various workshops in the traditional arts and through the medium of Irish, as well as an opportunity for children from Gaeltacht scheme schools in Erris to socialise together *i nGaeilge* outside school.

Participants will be divided into small groups to take part in the following workshops; traditional music, sean-nós singing, céilí and set dancing, as well as storytelling in Irish. This promises to be a fun child-centered and thoroughly enjoyable Irish language event.

This all-Irish event is designed for children from Gaeltacht scheme primary schools in this area (from 5 – 13 years of age). This event will be free of charge, but spaces are limited. You must register in advance and adhere to the Irish language policy. Parents are invited to attend a small session at the end of the event (from approx 2pm – 2.30pm), when the children will celebrate their endeavours together and present what they will be doing in the workshops. This is what Laoise Ní Dhúda (Gaeilge Iorrais) said about this event;

> We hope that young people (with the support of their parents and teachers) will take advantage of this great opportunity to get a taste of music, singing, dancing and traditional storytelling in Irish and in the company of other children from our Gaeltacht area.
>
> We hope to boost the practice of music, dance, storytelling and traditional *sean-nós* singing in Irish among the youth of this Gaeltacht gradually and hold more events in Irish of this type, subject to demand.

Gaeilge Iorrais oversees a sean-nós singing programme in Gaeltacht scheme primary schools in Erris, with the support of the Cuisle scheme (Ealaín na Gaeltachta). Ceardlann na n-Óg hopes to build on the wonderful work which continues under this programme. Gaeilge Iorrais would also like to thank the following for their support with this event; Áras Inis Gluaire, Belmullet library, local musicians, teachers, dancer and singer which will run the various workshops on the day.

If you/your child would like to attend a free and enjoyable event in Irish, get a taste of traditional arts and meet other young people who speak Irish - fill out the expression of interest form at https://forms.gle/WhLUzp5SCG2Yr6wi8 as soon as possible or get in touch with us if you have any questions.


Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.